Taighde Fócasghrúpa chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a athbhreithniú

Bileog Faisnéise do Leanaí

Cé sinn?

Is grúpa taighdeoirí ón Scoil Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sinn. Elaine, Mary, Suzy agus Sam is ainmneacha dúinn.

Cad faoi a bhfuil an taighde seo?

Tugadh an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, isteach chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tacaíocht i scoileanna.

Josepha Madigan TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, d'iarr sí orainn eispéiris leanaí maidir leis an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a iniúchadh. Déanfar é sin trí thaighde fócasghrúpa a úsáid.

Cad is fócasghrúpa ann?

Is é is fócasghrúpa ann ná grúpa de dhaoine a thagann le chéile chun plé a dhéanamh ar rud éigin a bhfuil suim mhór acu uile ann. Comhroinneann siad smaointe, eispéiris agus moltaí. Labhraíonn siad agus éisteann siad in amanna agus, in amanna eile, labhraíonn siad faoi na rudaí is maith leo nó na rudaí nach maith leo nó tarraingíonn siad na rudaí sin.

Cén fáth a bhfuiltear ag iarraidh ort páirt a ghlacadh sa staidéar seo?

Is eol dúinn cheana féin ó do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí go bhfaigheann tú cabhair bhreise ar scoil.
Ba bhreá linn cloisteáil faoi d'eispéiris ar scoil freisin. Ba bhreá linn an méid seo a leanas a chloisteáil:

- Na rudaí is maith leat
- Na rudaí nach maith leat
- Na rudaí is gá a athrú
- Aon rud eile ba mhaith leat a chur in iúl faoi d'eispéireas ar scoil

Cad a tharlóidh dá mba mhaith leat páirt a ghlacadh sa staidéar seo?

Céim 1: Toiliú agus Ceistneoir

A. Comhlánóidh do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí foirm toilithe.
B. Ansin, comhlánóidh do thuismitheoir(í)/do chaomhnóir(í) foirm ina dtabharfaidh siad níos mó faisnéise fút dúinn:
    - D'ainm
    - D'aois
    - An contae a gcónaíonn tú ann, agus an baile is gaire
    - An cineál scoile a bhfreastalaíonn tú uirthi
    - An t-ainm/na hainmneacha ar aon fhadhbanna sláinte atá agat
    - Na rudaí ar scoil a dteastaíonn cabhair leo uait
    - Conas a cheapann tú gur mhaith leat páirt a ghlacadh ann:
        - I ngrúpa aghaidh ar aghaidh le thart ar dháréag eile de leanaí nó de dhaoine óga
        - I ngrúpa ar líne
        - Trí phacáiste gníomhaíochta a chomhlánú
    - Agus na tacaí ar féidir go dteastaíonn siad uait chun cabhrú leat páirt a ghlacadh i ngrúpa (e.g., ateangaire teanga comharthaíochta, sainroghanna céadfacha, bréagáin mhéire, duine éigin le dul in éineacht leat)

Céim 2: Cruinniú Comhroinnte Faisnéise ar Líne

Más rud é go bhfaigheann an fhoireann taighde foirm toilithe chomhlánaithe agus ceistneoir comhlánaithe ó do thuismitheoir/do chaomhnóir, déanfaimid teagmháil le do thuismitheoirí chun **cruinniú gairid ar líne** a eagrú.
Le linn an chruinnithe sin, athbhreithneoimid an bhileog faisnéise agus freagróimid aon cheisteanna atá agatsa nó ag do thuismitheoir/do chaomhnóir.

Tá seans ann gur mó an líon leanaí agus daoine óga ar spéis leo páirt a ghlacadh ann ná mar is féidir linn a chur ar áireamh. Dá bhrí sin, tá seans ann nach roghnófar thú chun páirt a ghlacadh ann. Déanfaimid ár ndícheall, áfach,

a chinntiú go mbeidh fócasghrúpaí ag déanamh ionadaíocht don oiread tuairimí difriúla agus eispéireas difriúil agus is féidir.

Céim 3: Cad a tharlóidh má chinneann tú go nglacfaidh tú páirt sa taighde?

A. Buailfidh foireann taighde COBÁC leatsa agus le thart ar dháréag leanaí eile. Buailfimid leat i scoil nó ar líne ar feadh thart ar dhá uair an chloig.

Déanfaimid cineálacha difriúla gníomhaíochtaí a chabhróidh linn do shaol scoile a thuiscint:

- Faisnéis a chomhroinnt faoi na daoine agus na gníomhaíochtaí is fearr leat ar scoil
- Labhairt faoi rudaí ba mhaith leat a athrú i do scoil
- Labhairt faoin scoil is ansa leat
- Moltaí a dhéanamh faoi conas a d'fhéadfadh an scoil a bheith níos fearr do leanaí agus daoine óga a dteastaíonn roinnt cabhrach uathu leis an bhfoghlaim

B. Cad a tharlóidh má chomhlánaíonn tú pacáiste gníomhaíochta? Iarrfaimid ort:

- Faisnéis a chomhroinnt faoi na daoine agus na gníomhaíochtaí is fearr leat ar scoil
- Faisnéis a chomhroinnt faoi rudaí ba mhaith leat a athrú i do scoil
- Faisnéis a chomhroinnt faoin scoil is ansa leat
- Moltaí a dhéanamh faoi conas a d'fhéadfadh an saol scoile a bheith níos fearr do leanaí agus daoine óga a dteastaíonn roinnt cabhrach uathu leis an bhfoghlaim

Cad a tharlóidh leis an bhfaisnéis a bhailímid fút?

Úsáidfimid an fhaisnéis sin chun cabhrú linn fócasghrúpaí a phleanáil agus leanaí a roghnú atá oiriúnach don phacáiste gníomhaíochta a chomhlánú.

Más rud é nach nglacann tú páirt ann sa deireadh, scriosfar an fhaisnéis sin. Más rud é go nglacann tú páirt sa staidéar, scriosfar d'fhaisnéis a luaithe atá an tuarascáil deiridh don Roinn Oideachais scríofa.

Le linn fócasghrúpaí, taifeadfaimid faisnéis ar bhealaí difriúla ag amanna difriúla. In amanna, déanfaimid:

- Do ghuth a thaifeadadh
- Roinnt rudaí a deir tú a scríobh síos
- Líníochtaí a tharraingíonn tú a bhailiú.

Seiceálfaimid an bhfuil nó nach bhfuil tú sásta leis an bhfaisnéis a scríobhaimid nó leis na líníochtaí a bhailímid uait.

Sábhálfar an fhaisnéis sin ar fad go slán ar ríomhairí glúine na mball foirne, a bhfuil pasfhocal acu. Ag deireadh an staidéir seo, scríobhfaimid tuarascáil don Roinn Oideachais. Scriosfaimid ansin an fhaisnéis ar fad atá sábháilte ar ríomhairí glúine na mball foirne.

An gá dom páirt a ghlacadh sa staidéar?

Cinnfidh roinnt leanaí agus daoine óga nár mhaith leo páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí nó pacáiste gníomhaíochta a chomhlánú, agus beidh sé sin go breá.

Ní gá duit páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Tá sé fútsa. Ní bheidh fearg ar aon duine leat má roghnaíonn tú gan páirt a ghlacadh sa staidéar.

Conas a chosnófar do phríobháideacht?

Athrófar an fhaisnéis ar fad a bhailímid agus a stórálaimid fút chun nach mbeidh a fhios ag aon duine cé thusa nó cé faoi a labhraíonn tú.
Ní chomhroinnfimid le haon duine na rudaí a labhraíonn tú fúthu, **mura rud é** go gcuireann tú in iúl dúinn go bhfuil tusa nó duine éigin a bhfuil aithne agat air nó uirthi i gcontúirt. Ní féidir linn an cineál sin faisnéise a choinneáil príobháideach.

Cé na tairbhí a ghabhann le páirt a ghlacadh sa staidéar taighde seo?

Is é atá i dtairbhí ná dea-rudaí a d'fhéadfá a mhothú nó a d'fhéadfadh tarlú duit má ghlacann tú páirt ann. Is é atá i rioscaí ná drochrudaí a d'fhéadfadh tarlú duit má ghlacann tú páirt ann.
Is gnách go smaoiníonn daoine go cúramach ar na tairbhí agus ar na rioscaí araon sula gcinneann siad chun rud éigin a dhéanamh.

Tairbhí féideartha:

- Gheobhaidh tú an deis labhairt faoi do shaol ar scoil.
- Tá seans ann go mbuailfidh tú le daoine a raibh eispéiris chosúla acu.
- Tá seans ann go mbeidh tú ábalta cabhrú leis na dlíthe a athrú chun go mbeidh eispéiris a bheidh difriúil, agus a d'fhéadfadh a bheith níos fearr, ar scoil ag leanaí agus daoine óga a dteastaíonn tacaí breise uathu.
- Tá seans ann go mbuailfidh tú san fhócasghrúpa le duine éigin a bhfuil aithne agat air nó uirthi.

Rioscaí féideartha:

- Tá seans ann nach dtaitneoidh na gníomhaíochtaí grúpa leat.
- Tá seans ann nach dtaitneoidh leat faisnéis faoi do shaol scoile a chomhroinnt.
- Tá seans ann go gcloisfidh tú faoi eispéiris duine éigin ar scoil a chuireann as duit.
- Tá seans ann go mbuailfidh tú san fhócasghrúpa le duine éigin a bhfuil aithne agat air nó uirthi.

An bhféadfaidh mé m'intinn a athrú agus tarraingt amach as an staidéar?

Féadfaidh tú aontú leis anois agus féadfaidh tú d'intinn a athrú ina dhiaidh sin, agus ar an lá fiú. Tuigimid go n-athraíonn daoine a n-intinn in amanna. Ní bheidh fearg ar aon duine leat.
Ní gá duit ach a chur in iúl dúinn gur athraigh tú d'intinn.

Tar éis duit páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí sin, áfach, tá seans ann nach mbeimid in ann d'fhaisnéis a bhaint, mura rud é gur rud éigin é ar féidir linn a aithint gur leatsa é.

Dá mba mhaith leat go mbainfí aon fhaisnéis, seol ríomhphost, le do thoil, chuig an bhfoireann taighde nó iarr ar do thuismitheoir(í)/do chaomhnóir(í) ríomhphost a

sheoladh chugainn ag epsen@ucd.ie suas le dhá lá oibre tar éis an chruinnithe fócasghrúpa.

Conas a bheidh a fhios agam cad iad fionnachtana an staidéir seo?

Seolfaidh Foireann Taighde COBÁC an tuarascáil uaithi chuig an Roinn Oideachais. Ullmhóidh an Roinn Oideachais ansin tuarascáil níos cuimsithí agus foilseoidh sí an tuarascáil sin ar https://www.gov.ie/en/consultation/e3842-epsen-review-consultation/ amach sa bhliain 2024.

Déan teagmháil leis an bhFoireann Taighde ag epsen@ucd.ie, le do thoil, má bhíonn aon cheisteanna eile agat faoin staidéar.